**Doiciméad ag deanamh comparáide idir chás an Gaeilge sna Sé Chontae agus cás na Gàidhlige, na Breatnaise agus na Gaeilge in Albain, sa Bhreatain Bheag agus sa Deisceart faoi seach**

An Ghàidhlig in Albain

- Tosaíodh ar an Ghàidhlig a theagasc trí mheán na teanga sin in 1985;
- Tá 47 n-aonad Gàidhlige ann ag an bhunleibhéal agus 9 sruth ag an dara leibhéal. Níl aon scoil shaorscartha Gàidhlige ann. Aithníonn muintir na hAlban a laige atá an córas seo acu;
- Tá 1258 dalta bunscoile acu agus 129 dalta meánscoile;
- Is é an meanchóimheas múinteoir-dalta 1:16;
- Aithnítear agus maoinítear bunaonaid le 4 - 6 daltaí ag an tús agus sruthanna dara leibhéil le 5;
- Is é £5 Milliúin an caiteachas bliantúil ar oideachas trí Ghàidhlige (gan trácht ar na deontais speisialta a thugtar don 74 aonad naíscolaíochta) - tig leath an 5 mhilliúin ón Roinn Oideachais in Oifig na hAlban agus an leath eile ó Chiste speisialta deontas don Ghàidhlig;

Caitear a oiread céanna arís ar theagasc na Gàidhlige i scoileanna Béarla agus ar mhaoiniú grúpaí Gàidhlige oideachais.

(Foinse: Comann na Gàidhlige - Máiréad Mhig Íomhair, Príomhrúnaí)

An Bhreatnais sa Bhreatain Bheag

- Tosaíodh ar an Bhreatnais a theagasc ag an bhunleibhéal i 1937 agus ag an dara leibhéal i 1956;
- Níl glacadh le haonaid ná le sruthanna mórán sa Bhreatain Bheag. Tá 460 bunscoil Bhreatnaise agus 60 meánscoil Bhreatnaise anois ann;
- Tá 47,000 dalta bunscoile ann agus 31,132 dalta meánscoile ann.
- Is é an meánchóimheas múinteoir-dalta 1:25 gí go bhfuil sé seo an-éagsúil;
- Aithnítear agus maoinítear bunscoil shaorscartha Bhreatnaise le 15 dalta ach thig leis na páistí bheith 4,5 nó 6 bliana d'aois.
- Aithníodh meánscoil shaorscartha Bhreatnaise, Ysgol Morgan Llywd in Wrexham, chomh fada siar le 1963 agus gan ach 36, 46, 49, 51, 56, 51, 43, 45 mar iontráil don chéad 8 mbliana.
- Caitheann GEST £3.3 Milliúin sa bhliain ar thacaíocht traenála don oideachas trí Bhreatnais; Caitheann Oifig na Breataine Bige £1.8 Milliúin ar an oideachas seo agus maoiníonn na hÚdaráis Áitiúla Oideachais na scoileanna Breatnaise go hiomlán gheibh scoil 1000 dalta suas le £2 mhilliúin sa bhliain.

(Foinse: Welsh Language Board- Andrea Millar, Oifigeach Sinsearach Oideachais)

An Ghaeilge sa Deisceart

- Tosaíodh ar an Ghaeilge a theagasc trí Ghaeilge ó 1921 anall ach tháinig borradh ar an scolaíocht seo sa bhliain 1971;
- Ní ghlactar sa Deisceart le sruthanna ná le haonaid ag an bhunleibhéal ar bhonn oideachasúil, bainistíochta, teangeolaíoch agus fáis. Tá 80 bunscoil lán-Ghaeilge agus 19 meánscoil lán-Ghaeilge sa Deisceart gan trácht ar na

scoileanna gaeltachta. Tá trí aonad dara- leibhéil ann fosta;
Tá 15,560 dalta bunscoile agus 4,072 dalta meánscoile ann;
- Is é an meánchóimheas múinteoir - dalta 1:25;
- Aithnítear bunscoileanna lán-Ghaeilge sa Deisceart ach iad 20 páiste a fháil d'aon aois ó 4 go 6 nár fhreastail go fóill ar scoil; aithníodh go fiú scoileanna nach raibh ach 16 páistí iontu sa chead bhliain;
-Tugtar aitheantas agus maoiniú d'iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge saorscartha áit ar bith a bhfuil an bhunscolaíocht trí Ghaeilge agus gan aon soláthar meánscolaíochta ar fáil. Maoiníodh ar bhonn sealadach mar shampla Coláiste na Coiribe ina chéad bhliain dó agus gan ach 10 dalta ar an scoil!
- Níl aon staidreamh beacht ar chaiteachas bliana don ghaelscolaíocht sa Deisceart ach go n-aithnítear gaelscoileanna mar scoileanna 'grád A' de bhrí go bhfuil an teagasc trí Ghaeilge. Fosta, tugtar deontais ar leith dóibh agus aitheantas ar leith mar shampla nuair a dhéanann siad an Teastas Sóisearach agus Sinsearach trí Ghaeilge atá ina teanga neamhfhorleathan.

(Foinse: Gaelscoileanna - Jacqueline Ní Fheargusa, Príomhfheidhmeannach)

An Ghaeilge sna Sé Chontae

- Tosaíodh ar an Ghaelscolaíocht sna Sé Chontae i 1971.;
- Níltear i bhfabhar sruthanna ná aonaid anseo ach oiread leis an Deisceart;
- Bunaíodh sruth i nDoire le meascán de thrí aoisghrúpa agus i ndiaidh 10 mbliana rinneadh scoil shaorscartha di. Tá aonad amháin, saitilít amháin, 4 scoil shaorscartha aitheanta agus 6 scoil neamhaitheanta bunleibhéil ann agus dhá mheánscoil, neamhaitheanta agus aitheanta;
- Tá 1257 dalta ag freastal ar na scoileanna seo;
- Is é an meánchóimheas múinteoir - dalta 1:22 de bhrí go bhfuil bunús na scoileanna go fóill beag.

Níor aithníodh dhá bhunscoil i mbliana aineoinn go raibh 25 agus 14 daltaí acu mar iontráil bhliana agus iad ar an tsaol le cúpla bliain cheana;

Diúltaíonn an Roinn Oideachais anseo agus Oifig Thuaisceart Éireann aitheantas a thabhairt do Mheánscoil Dhoire aineoinn 40 dalta bheith aici agus foireann de thriúr múinteoirí lán-aimseartha.
I dtaca le caiteachais ar an Ghaeilge sna Sé Chontae, tá tuairim agus £800,000 caite ar an Ghaelscolaíocht agus tuairim agus £1.2 milliúin séanta uirthi thar chúig bliana anois agus é caite ar scoileanna eile stáit atá aitheanta.

(Foinse: Gaeloiliúint - Cathal Ó Donnghaile, Rúnaí)